adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

A phobal Dé,
guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

A Thiarna, an t-arán agus an fíon a ofrálaimid, go ngnóthaí siad do d'Eaglais an t-aontas agus an tsíocháin a chiallaítear leo. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Go raibh anTiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
Is ceart agus is cóir sin.
Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach, in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol. **Amen.**

Deasghnáth na Comaoineach

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá: **Ar nAthair atá ar neamh.....**

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.
A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
Agus le do spiorad féin.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal

Gach Sathairn 10am—11am

Dé Domhnaigh 2/06/2024

Ó

11.30r.n. 6.00i.n.

Paidrín le
Foillsiú Sacraimint Naofa ag 6.00in.

Fáilte roimh chuile dhuine.

Paróiste An Spidéil
An Deichiú Domhnach B
9 Meitheamh 2024

An Ath. Daniel Gallagher

www.cilleinde.ie

Uaireanta Oifig: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745

Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

		✠	**CILL ÉINDE, AN SPIDÉIL**
Dé Sathairn	8ú	6.00i.n.	Éimear Clancy *Sidheán /Moynolty* Pádraic Ó Coistealbha *Baile an Domhnalláin*
Dé Domhnaigh	9ú	11:00r.n	Willie Ó Cualáin a bhean Mary & bean a mhic Nóirín agus muintir na beirte ar fad. *Bóthar na hAbhann/Boston* Pádraig Ó Conghaile & a thuismitheoirí Micheál & Máire *Sidheán* Michael & Delia Canavan *Glann, Uachtar Ard* Pádraic Ó Confhaola Dara Cuimhneacháin Pádraic Breathnach Céad Cuimhneacháin *Seanamhóinín* Bridie Curran *Sailethúna* Martin Patten Ceathrú Cuimhneacháin *Bothúna B*
Dé Luain	10ú	10.00r.n.	
Dé Máirt	11ú	10.00r.n.	
Dé Céadaoin	12ú	10.00r.n.	Joe Moclair *Co an Dúin*
Dé Sathairn	15ú	6.00i.n.	Martin & Nora Ann Conneely, beirt mhac Mark & Joe, Iníonacha Bridie, Nelly, Kitty & Mary *Uachtar Árd/Sasana*
Dé Domhnaigh	16ú	11.00r.n.	Mairéad & PeadarÓ Conchubhair *Leitir Meas* Coilín Ó Fátharta *Doire Lochán Thiar*
		✠	**CILL TREASA, ROS A' MHÍL**
Dé Sathairn	8ú	7.30i.n.	Mary Connolly Kelly , a mhac Roddy & Tiernan Archer *Ros a'Mhíl*
Dé Sathairn	15ú	7.30 i.n	Pádraig Seoighe *Ros a'Mhíl*
		✠	**CILL MHUIRE, NA MINNA**
Dé Domhnaigh	9ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	16ú	9.30r.n.	

Toradh 50/50 Coiste na Mine 02/062024
Buaiteoir don €1,005
Monica Uí Ghríofa, Derrartha Beag,Ceathrú Rua.
Duais an Díoltóir do €50.00
Oifig an Phoist, Casla.
Coiste €1,005
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.



Na DeasghnáthaTosaigh

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
tri mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí

A Thiarna Íosa Críost, d'fhág tú an Eocairist againn mar chuimhneamh ar do pháis agus ar do bhás. Go dtugaimid an t-ómós is dual do shacraimint do Choirp agus do chuid Fola ionas go dtuigfimid an slánú a bhuaigh tú dúinn, agus an t-aoibhneas atá i ndán dúinn sna flaithis, mar a maireann agus a rialaíonn tú mar aon leis an Athair agus leis an Spiorad Naomh, i do Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Iontróid – Sm 26:1-2

Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú, cé a chuirfidh eagla orm? Is é an Tiarna cosantóir m'anama, cé a chuirfidh critheagla orm? Mo naimhde a bhíonn do mo chlipeadh, is iad fágadh faonlag.

An Chomhurnaí

A Dhia, óna dtagann gach ní fónta, tabhair dúinne atá ag impí ort, machnamh a dhéanamh faoi do spreagadh ar nithe córa agus iad a chur i ngníomh faoi do stiúir. Trínár dTiarna Íosa Críost, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

An Chéad Léacht

Sliocht as Leabhar Geineasas (3:9-15)
Cuirfidh mé naimhdeas idir tú agus an bhean, idir do shíolsa agus a síolsa.

Ghlaoigh an Tiarna Dia ar an bhfear: "Cá bhfuil tú?" ar sé leis. D'fhreagair sé: "Chuala mé do ghuth sa ghairdín agus bhí eagla orm mar go raibh mé nocht, agus chuaigh mé i bhfolach." "Cé dúirt leat," ar seisean, "go raibh tú nocht? An ag ithe a bhí tú den chrann a d'aithin mé duit gan ithe de?" "An bhean a thug tú dom mar chéile," arsa an fear, "ise a thug toradh as an gcrann dom, agus d'itheas é." Agus dúirt an Tiarna Dia leis an mbean: "Céard é seo atá déanta agat?" D'fhreagair an bhean: "Mheall an nathair mé agus d'itheas."Dúirt an Tiarna Dia leis an nathair: "De bhrí go ndearna tú an rud seo go raibh mallacht ort thar an eallach go léir,thar na hainmhithe allta go léir; beidh tú ag sní ar do bholg agus ag ithe cré, gach lá de do shaol. Cuirfidh mé naimhdeas idir tú agus an bhean, idir do shíolsa agus a síolsan. Brúfaidh sé do cheann agus brúfaidh tusa a sháil."
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra– Sm 129
Fr: Is ag an Tiarna atá trócaire agus tá fuascailt aige go flúirseach

As na doimhní a éim ort, a Thiarna.
A Thiarna, éist le mo ghuth!
Tugadh do chluasa aire
do ghlór m'achainí. *(Fr)*

Dá gcoinneofá cuimhne, a Thiarna, ar chionta, a Thiarna, cé thiocfadh slán? Ach tugann tú maithiúnas sna peacaí: agus ar an ábhar sin móraimid thú. *(Fr)*

Tá mo dhóchas sa Tiarna agam,
cuireann m'anam a dhóchas ina bhriathar.
Is mó an feitheamh a dhéanann m'anam ar an Tiarna ná feitheamh lucht faire ar an láchaint.
Ná raibh feitheamh lucht faire ar an láchaint
níos mó ná feitheamh Isráél
ar an Tiarna. *(Fr)*

Óir is ag an Tiarna atá trócaire
agus tá fuascailt aige go flúirseach;
agus fuasclóidh seisean Isráél
óna urchóidí go léir. *(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as an dara Litir Naomh Pól chuig na Coirintigh (4:13-5:1)
Creidimid agus labhraímid dá réir

A bhráithre, ó tharla go bhfuil an spiorad céanna úd an chreidimh againn a bhfuil tagairt dó sa scrioptúr: "Chreid mé agus labhair mé dá réir," creidimidne freisin agus labhraímid dá réir, mar go bhfuil a fhios againn, an té a thóg an Tiarna Íosa ón mbás, go dtógfaidh sé sinne ón mbás mar aon leis agus go dtabharfaidh sé sinne agus sibhse ina láthair. Mar is ar mhaithe libhse na nithe seo go léir, i dtreo de réir mar a leathann a ghrásta i measc breis daoine go mbeidh breis buíochais ar Dhia agus méadú ar a ghlóir.
Sin é an fáth nach bhfuil ag teip ar an misneach again. Má tá ár nádúr seachtrach ag meathlú féin, tá ár nádúr inmheánach á athnuachan in aghaidh an lae. Mar an chrois bheag ghearrshaolach seo againn, tá sí ag saothrú dúinn ualach as cuimse den ghlóir a mhairfidh choice, ar chúntar nach ar na nithe sofheicthe a bhíonn ár n-aire againn ach ar na nithe dofheicthe. Mar níl sna nithe sofheicthe ach seal agus mairfidh na nithe dofheicthe go deo. Tá a fhios againn, nuair a leagfar ar lár puball an choirp seo is teach cónaithe dúinn ar talamh, go mbeidh áitreabh le fáil againn ó Dhia ar neamh, teach cónaithe síoraí nár tógadh le lámha daonna.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!

Athair ár dTiarna Íosa Críost, go n-osclaí sé suile ár n-aigne chun go dtuigfimis cad é mar údar dóchais dúinn ar ngairm ag Dia.

Alleluia!

Soiscéal

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Marcas (3:20-25)
Glóir duit, a Thiarna.
Chuaigh Íosa abhaile in éineacht lena chuid deisceabail isteach agus tháinig an slua le chéile arís sa chaoi nár fhéad siad fiú amháin béile a ithe. Agus nuair a fuair a mhuintir scéala air, ghabh siad amach d'fhonn breith air, mar bhí siad ag rá: "As a mheabhair atá sé." Agus na scríobhaithe a bhí tar éis teacht anuas ó Iarúsailéim, deiridís: "Béalzabúl atá ann," agus "Is trí phrionsa na ndeamhan a chaitheann sé na deamhain amach." Ghlaoigh sé chuige iad agus labhair sé i bparabail leo: "Conas a fhéadann Sátan Sátan a chaitheamh amach? Má bhíonn ríocht ar deighilt ina haghaidh féin, ní fhéadann an ríocht sin seasamh. Agus má bhíonn teaghlach ar deighilt ina aghaidh féin, ní fhéadfaidh an teaghlach sin seasamh. Agus má tá Sátan éirithe amach ina aghaidh féin agus é ar deighilt, ní fhéadann sé seasamh. Ach ní fhéadfadh duine ar bith dul isteach i dteach an fhir láidir agus a urra tí a chreachadh gan an fear láidir a chur i ngéibheann ar dtús, agus ansin ní miste dó a theach a chreachadh. "Deirim libh go fírinneach, maithfear don chine daonna a gcuid peacaí agus cibé diamhaslaí a dhéanfaidh siad, ach duine ar bith a dhéanfaidh diamhasla in aghaidh an Spioraid Naoimh, ní bheidh maithiúnas le fáil aige go deo, ach tá sé ciontach i bpeaca síoraí," – mar go ndúirt siad: "Tá spiorad míghlan ann." Ansin tháinig a mháthair agus a bhráithre, agus ina seasamh dóibh amuigh chuir siad scéala chuige ag glaoch air. Bhí slua ina suí timpeall air, agus dúirt siad leis: "Tá do mháthair agus do bhráithre amuigh do d'iarraidh." Dúirt sé leo á bhfreagairt: "Cé hiad mo mháthair agus mo bhráithre?" Agus ag dearcadh dó ar a raibh ina suí timpeall air, dúirt: "Seo iad mo mháthair agus mo bhráithre! Óir, duine ar bith a dhéanfaidh toil Dé, sin é mo bhráthair agus mo shiúr agus mo mháthair."
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Pióláit; d'fhulaing sé páis, agus